



An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11927/21

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2020/0319(NLE)
2020/0348(NLE)

VISA 198
COAFR 240
MIGR 188

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh an Aontais Eorpaigh – Glacadh

1. An 9 Nollaig 2020, thólaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí gearrfhanachta le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach¹, mar aon le dréacht-téacs den Chomhaontú sin san iarscríbhinn a ghabhann leis an togra sin², agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe chéanna³.

¹ 13864/20 VISA 136 COAFR 367 MIGR 172.

² 13864/20 VISA 136 COAFR 367 MIGR 172 ADD 1.

³ 13865/20 VISA 137 COAFR 368 MIGR 173.

2. Ghlac an Chomhairle an cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe⁴ an 22 Feabhra 2021. Síníodh an Comhaontú⁵ an 18 Márta 2021, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.
3. I gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.
4. An 22 Márta 2021, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir leis an tabhairt i gcrích agus téacs an Chomhaontaithe a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil.
5. An 16 Meán Fómhair 2021, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú⁶ a thabhairt i gcrích agus thug sí treoir dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Cabo Verde.
6. Is é atá sa Chinneadh maidir leis an gconclúid forbairt ar fhorálacha de *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE⁷ ón gComhairle. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
7. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

⁴ 5033/21 VISA 1 COAFR 4 MIGR 1

⁵ 5035/21 VISA 3 COAFR 6 MIGR 3.

⁶ P9_TA(2021)0378.

⁷ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle:
- a) an Cinneadh maidir leis an gconclúid a ghlacadh, mar a leagtar amach in 5034/21 é, mar ítim ‘A’ ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo;
 - b) cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(d) de Rialacha agus Nósanna Imeachta na Comhairle, go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuas san Iris Oifigiúil, sraith ‘L’.

Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.
